## PREASEISIÚINT Uimh. 37/26

**Lucsamburg, an 17 Márta 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-258/24 | Katholische Schwangerschaftsberatung

# Ní féidir le comhlachas Caitliceach fostaí a dhífhostú ar an bhforas amháin gur fhág sí an Eaglais Chaitliceach

*Le dífhostú den sórt sin, glactar leis, inter alia, i bhfianaise chineál na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go bhfuil an ceanglas gan an Eaglais sin a fhágáil de chineál riachtanach agus dlisteanach agus go bhfuil údar leis i bhfianaise éiteas an chomhlachais sin*

Sa bhreithiúnas arna thabhairt aici inniu, sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais conas is ceart cothromaíocht cheart a áirithiú idir, ar thaobh amháin, leasanna fostóra a bhfuil a eitic bunaithe ar an reiligiún chun a chinntiú nach gcuirtear a eitic agus a cheart chun neamhspleáchais i mbaol, agus, ar an taobh eile, leasanna fostaithe nach ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh ar bhonn a reiligiúin. Aithnítear le dlí an Aontais go bhfuil corrlach lánroghnach ag gach Ballstát agus an chothromaíocht sin á baint amach. Cé nach mór do chúirteanna náisiúnta, i bprionsabal, staonadh ó mheasúnú a dhéanamh ar dhlisteanacht éiteas na heaglaise nó an eintitis lena mbaineann, is faoi na cúirteanna sin, agus ní faoin eaglais nó faoin eintiteas lena mbaineann, atá sé a mheas an bhfuil ceanglas gairmiúil, de chineál riachtanach agus dlisteanach agus go bhfuil údar leis i bhfianaise an éitis sin, mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí lena mbaineann nó ar an gcomhthéacs ina ndéantar iad. Sa chás seo, measann an Chúirt nach féidir le comhlachas Caitliceach amhail Katholische Schwangerschaftsberatung na Gearmáine (comhlachas a sholáthraíonn comhairle maidir le toircheas), i bprionsabal, fostaí Caitliceach a dhífhostú ar an bhforas amháin gur fhág sí an Eaglais Chaitliceach, ós rud é, go háirithe, go bhfostaíonn an comhlachas sin daoine nach Caitlicigh iad don ghníomhaíocht chéanna. I gcás den sórt sin, ní cosúil go gcuirtear an eitic ná ceart an chomhlachais chun neamhspleáchais faoi cheist leis an bhfágáil. Is faoi Chúirt Oibreachais na Cónaidhme de chuid na Gearmáine atá sé, ar deireadh, measúnú a dhéanamh air sin sa chás seo.

Is comhlachas é Katholische Schwangerschaftsberatung atá laistigh d’Eaglais Chaitliceach na Gearmáine a thugann comhairle do mhná torracha. Ceanglaíonn sé ar a fhostaithe uile treoirlínte na hEaglaise Caitlicí a chomhlíonadh, ar dá réir a bhfuil sé de chuspóir ag aon chomhairle maidir le toircheas beatha an linbh sa bhroinn a chosaint agus, dá bhrí sin, nach mór go dtabharfaí an chomhairle sin ar an tuiscint go spreagfar an bhean thorrach chun leanúint dá toircheas agus chun glacadh lena leanbh.

Nuair a d’fhág duine dá chomhairleoirí an Eaglais Chaitliceach, tar éis di [1] bheith ina ball de [2], rinne Katholische Schwangerschaftsberatung í a dhífhostú ar an gcúis sin. Go deimhin, de réir an dlí chanónta is infheidhme, meastar fágáil na hEaglaise Caitlicí a bheith ina sárú tromchúiseach ar an dualgas dílseachta.

Thug an chomhairleoir údar leis an gcaoi gur fhág sí an Eaglais sin toisc gur ghearr Deoise Limburg, sa bhreis ar an gcáin eaglasta, ranníocaíocht eaglasta bhreise ó dhaoine Caitliceacha atá pósta, amhail an chomhairleoir, i gcomhthéacs pósadh idirchreidimh, le céile a bhfuil ioncam ard aige. Ina theannta sin, d'fhostaigh an comhlachas fostaithe nach Caitlicigh iad sa tseirbhís chomhairliúcháin chéanna freisin, nach raibh faoi réir an cheanglais dílseachta chéanna agus nach raibh, dá bhrí sin, i mbaol a bheith dífhostaithe ar an gcúis sin. Dá bhrí sin, chuir an chomhairleoir i gcoinne a dífhostaithe os comhair chúirteanna na Gearmáine.

Bhí amhras ar Chúirt Oibreachais na Cónaidhme, agus í ag meas gurb ionann dífhostú an chomhairleora agus difríocht sa chóir bunaithe ar reiligiún, maidir leis an bhféidearthacht údar a thabhairt leis an difríocht sin sa chóir. Dá bhrí sin, d'iarr sí ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha [3], arna léamh i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh [4].

Freagraíonn an Chúirt go **gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta** faoina bhféadfaidh eintiteas príobháideach, a bhfuil a éiteas bunaithe ar reiligiún, **ceangal a chur ar fhostaí** atá ina bhall d'eaglais ar leith agus a bhíonn ag cleachtadh an reiligiún sin **an eaglais sin a fhágáil** le linn an chaidrimh fostaíochta **ar phian dífhostaithe** [5] **nó, cé**

– go bhfostaíonn an t-eintiteas sin daoine eile chun na dualgais chéanna atá ar an bhfostaí atá i gceist a chomhlíonadh, gan a cheangal orthu a bheith ina mbaill den eaglais chéanna sin, agus

– nach mbíonn an fostaí sin ag gabháil do ghníomhaíochtaí naimhdeacha i gcoinne na heaglaise lena mbaineann atá le feiceáil go poiblí,

**i gcás, i bhfianaise chineál ghníomhaíochtaí gairmiúla an fhostaí sin nó an chomhthéacs ina ndéantar iad, ní bheidh na ceanglais ghairmiúla sin de chineál riachtanach, dlisteanach agus nach bhfuil údar leo ag féachaint d'éiteas an eintitis sin**.

Cé gur faoi Chúirt Oibreachais na Cónaidhme atá sé an measúnú a dhéanamh sa chás seo, tá sraith treoirlínte curtha ar fáil di ag an gCúirt Bhreithiúnais.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, **ní cosúil, go háirithe, go bhfuil an ceanglas atá i gceist 'riachtanach'** agus comhairle á tabhairt maidir le toircheas. Go deimhin, tá a leithéid de sheasaimh iontaofa sannta ag Katholische Schwangerschaftsberatung ar fhostaithe nach baill den Eaglais Chaitliceach iad. Léirítear leis sin go measann an comhlachas féin nach bhfuil ballraíocht san Eaglais sin riachtanach, ach gur leor do na comhairleoirí sin gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad treoirlínte na hEaglaise Caitlicí ar an ábhar sin.

Ina theannta sin, chuir **an comhairleoir** a fágáil ar bun trí thagairt a dhéanamh don ranníocaíocht bhreise eaglasta a gceanglaítear uirthi a íoc toisc nach Caitliceach é a fear céile agus go bhfuil ioncam ard aige. Trína fágáil, **níor scar sí ó bhunphrionsabail ná ó luachanna na hEaglaise Caitlicí, ná níor chas sí a drom uathu.** Ina theannta sin, níl aon chomhartha ann nach bhfuil sí toilteanach a thuilleadh cloí leis na treoirlínte thuasluaite, a ghlac sí uirthi féin a urramú ina conradh fostaíochta.

In aon chás, is faoi Katholische Schwangerschaftsberatung atá sé a shuíomh go bhfuil an riosca líomhainte go mbainfí an bonn dá éiteas nó dá cheart chun neamhspleáchais dóchúil agus tromchúiseach, ionas go mbeidh an ceanglas atá i gceist riachtanach agus comhréireach i ndáiríre.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

[1] Le dearbhú chuig an údarás bardasach inniúil. Ní dhéanfaidh an ceann deireanach ach an Eaglais Chaitliceach agus an fostaí a chur ar an eolas ionas gur féidir leis an bhfostaí an méid seo a chur san áireamh agus a luach saothair á ríomh.

[2] Agus tar éis di diúltú filleadh uirthi.

[3] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

[4] Go sonrach, an ceart bunúsach chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, chomh maith leis an gcosc ar aon idirdhealú ar bhonn reiligiúin.

[5] Nó, d'fhonn leanúint leis an gcaidreamh fostaíochta, filleadh ar an eaglais sin tar éis di í a fhágáil.